

AN ROIINN OIDEACHAIS

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

SIOLLABAS GNÓ

(ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL)

NA CLÁRACHA ARDTEISTIMÉIREACHTA

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is í an aidhm ghinearálta atá leis an oideachas ná cabhrú leis an bhforbairt maidir le gach gné den phearsa ar a bhfuil an ghné aestéiticiúil, an ghné chruthaitheach, an ghné léirmheastóireachta, an ghné chultúrtha, an ghné mhaoithneach, an ghné thromchiallach, an ghné intleachtach, an ghné a bhaineann leis an saol pearsanta agus leis an saol baile, an ghné le haghaidh saothraithe saoil agus le haghaidh cónaithe sa phobal agus an ghné le haghaidh fóillíochta.
2. Cé go mbaineann an aidhm ghinearálta sin le cláracha na hArdteistiméireacht, cuirtear béim ar leith ar ullmhúchán mac léinn maidir leis na riachtanais a bhaineann le hoideachas breise nó le hoiliúint, maidir le fostaíocht agus leis an ról a bheidh i ndán dóibh mar shaoránaigh rannpháirtithe, fiontraíochta.
3. Tá sé de chuspóir ag na cláracha uile Ardteistiméireachta leanúnachas agus forchéimniú ó chláracha an Teastais Shóisearaigh a chur ar fáil agus ag an am céanna aire a thabairt don gcothromáiocht idir forbairt phearsanta agus shóisialta (forbairt spioradáltachta agus mhóráltachta san áireamh), don cheardstaidéar, don ullmhúchán le haghaidh oideachais sa bhereis agus don saol fásta is saothraithe. An meáchan coibhneasta a thugtar do na gnéithe sin, braitheann sé ar an gclár ar leith a thoghtar.
4. Na cláracha a mbaineann an cháilíocht Ardteistiméireachta leo, cuirtear ar fáil iad i dtrí mhodh:
 - (i) Ardteistiméireacht
 - (ii) Ardteistiméireacht Fheidhmeach
 - (iii) Gairmchlár Ardteistiméireachta
5. Cuireann na cláracha uile Ardteistiméireachta an bhéim ar an dtábhacht a bhaineann :
 - le féinteagasc agus le machnamh neamhspleách
 - le hanam an fhiosrúcháin, le machnamh léirmheastach, le fadhbanna a réiteach, le féinchabhrach, le treallús agus le fiontraíocht
 - le hullmhúchán maidir le hoideachas bhreise agus maidir leis an saol fásta saothraithe.

(i)

Clár Ábhar

Brollach

(ii)

1. Réamhrá		1
2. Struchtúr an tSiollabais		3
3. Siollabas Gnó (Fiontraíocht agus Timpeallacht)		
Daoine i ngnó	Aonad 1	4
Fiontraíocht	Aonad 2	6
Bainistíocht 1	Aonad 3	7
Bainistíocht 2	Aonad 4	9
Gnó i ggníomh	Aonad 5	11
Timpeallacht Intíre	Aonad 6	13
Timpeallacht Idirnáisiúnta	Aonad 7	16

Brollach

Rogha de chuid Staidéir Ghnó laistigh de chlár na hArdteistiméireachta is ea ‘Gnó’. Baineann sé le tuiscint a fháil ar an dtimpeallacht ina n-oibríonn Gnó in Éirinn agus sa domhan mór. Tá sé i gceist freisin dearcadh dearfach a thabhairt do mhic léinn i leith fiontraíochta agus a feidhmeanna i dtimpeallacht an ghnó, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.

Is iad na prionsabail ar ar bunaíodh an siollabas seo ná iad seo a leanas:

Siollabas comónta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal chun aidhmeanna agus cuspóirí an chúrsa a chomhlíonadh.

Cúrsa a bheith struchtúrtha chun leanúnachas a sholáthar ón Staidéar Gnó ag an dTeastas Sóisearach agus forbairt a dhéanamh air; is féidir, áfach, staidéar a dhéanamh air ‘ab initio’.

Solúbthacht dearaidh a dhéanann freastal ar riachtanais ghnó na hÉireann san lá atá inniu ann agus bheith in oiriúint freisin d'fhorbairtí sa todhchaí ar bhealach atá struchtúrtha agus éifeachtach.

Acmhainn a bheith ann é a mhúineadh laistigh de 180 uair a'chloig go hachomair.

Mic léinn a ullmhú don bhreisoideachas agus don saol aosach agus oibre, ag cur san áireamh dearcadh dearfach a chothú i leith féinfhostaíochta.

Siollabas Gnó

Réamhrá

Aidhmeanna

Oibriú ar mhaithe le hoideachas atá cothrom agus oiriúnach, ag dul ar aghaidh chuig forás pearsanta agus sóisialta na mac léinn trí staidéar ar ghnó agus ar fhiontraíocht.

Treallús agus féintuilleamaí a spreagadh i ngach mac léinn.

Tuiscent shoiléir ar ról fiontraíochta a chothú, forbairt scileanna foghlama cuí fiontraíochta a spreagadh agus dearcadh dearfach is eiticiúil a chothú i mic léinn i leith fiontraíochta sa saol pearsanta, gnó agus poiblí.

Tuiscent chriticiúil a fhorbairt faoin timpeallacht fhoriomlán ina ngníomhaíonn gnó.

Cabhrú chun mic léinn a ullmhú lena bheith rannpháirteach i dtimpeallacht ghnó atá ag athrú don saol aosach agus oibre agus freisin mar bhonn don bhreisoideachas.

Cuspóirí

Chun scileanna na mac léinn a fhorbairt i litearthacht, uimheartacht, fadhbréiteacht agus i gcumarsáid agus cúram a dhéanamh de mhionphointe i gcur i láthair an eolais.

Chun tuiscent a fhorbairt faoi na struchtúir, na hinstiúidí, na próisis agus faoin mbainistíocht a bhaineann le gnó.

Chun a chur ar chumas mac léinn cinntí gnó a dhéanamh atá bunaithe ar an eolas.

Chun a chur ar chumas mac léinn feidhm a bhaint as faisinéis agus as prionsabail bhunúsacha thráchtála chun meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar eolas tráchtála agus chun réitigh a sholáthar d'fhadhbanna tráchtála ar leith.

Chun meabhraíocht dhearfach a chothú faoin ilíocht chultúrtha agus shóisialta i ngnó idirnáisiúnta.

Chun a chur ar chumas mac léinn eitic i gcúrsaí gnó a thuiscint agus meas a bheith acu uirthi.

Nóta

Tugtar cuspóir ginearálta ag túis gach roinne chun forbhreathnú den réimse a sholáthar. Cuireann na tortaí ón bhfoghlaim an comhthéacs sainiúil ar fáil ar a bhfuil gach roinn bunaithe.

Measúnacht

Déanfar measúnacht ar an siollabas i dtaca le cuspóirí an tsiollabais, i dtús báire trí scrúdú scríofa cinn cursa.

Bainfear feidhm as teicnící éagsúla ceistiúcháin agus beidh cur chuige solúbtha agus éagsúil i gceist san stíl cheistiúcháin san scrúdú scríofa.

Tá torthaí ag an siollabas seo atá comónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal agus torthaí a ainmnítear mar Ardleibhéal amháin (**AL**).

Ag an Ghnáthleibhéal beidh sé riachtanach ar iarrthóirí:

- eolas agus tuiscint ar ábhar an tsiollabais a thabhairt chun cuimhne agus a thaispeáint.

Ina theannta sin beidh sé riachtanach ar iarrthóirí ag an Ardleibhéal:

- a thaispeáint go bhfuil eolas agus tuiscint níos doimhne acu ar na coincheapa agus na saincheisteanna ná mar atá ag iarrthóirí den Ghnáthleibhéal, chomh maith le hinniúlacht níos fearr i bhfeidhmeanna agus in anailís;
- na téarmaí gnó, coincheapa agus teoiricí a chur i bhfeidhm chun dul i gceann ar fhadbhanna agus ar shaincheisteanna;
- eolas ar leith a roghnú, a eagrú, a léirmhíniú agus a úsáid;
- fianaise a mheas, breithiúnais loighciúla a dhéanamh, agus conclúidí a chur i láthair go cruinn agus go hoiriúnnach.

Leagtar amach liosta den reachtaíocht a bheidh le scrúdú ag an dá leibhéal sna Treoirlínte do Mhúinteoirí. Beidh an bhéim ar fheidhmiú na reachtaíochta seachas ar eolas ina leith.

Struchtúr an tSiollabais

Tá an siollabus leagtha amach i dtrí rannóg: A, B agus C.

Rannóg A Daoine i nGnó

- (Aonad 1) **Buneolas faoi dhaoine i ngnó**
 Daoine agus a gcaidreamh i ngnó
 Spéiseanna contrártha agus conas a réitítear iad

Rannóg B Fiontraíocht

- (Aonad 2) **Fiontraíocht**
 Buneolas faoi agus sainmhíniú ar fhiontraíocht
 Fiontraiithe agus scileanna fiontraíochta
- (Aonad 3) **Bainistíocht 1**
 Buneolas faoi agus sainmhíniú ar bhainistíocht
 Bainisteoirí agus scileanna bainistíochta
 Gníomhaíochtaí bainistíochta
- (Aonad 4) **Bainistíocht 2**
 Bainisteoir teaghlaigh agus gnó
 Bainistíocht acmhainní daonna
 Ról na bainistíochta atá ag athrú
 Monatóireacht ar an ngnó
- (Aonad 5) **Gnó i ngníomh**
 Deiseanna a aithint
 Margaíocht
 Ag tosú
 Fairsingiú

Rannóg C Timpeallacht

- (Aonad 6) **Timpeallacht Intíre**
 Earnálacha tráchtála
 Cineálacha eagrú gnó
 Forás pobail
 Gnó agus an geilleagar
 An Rialtas agus gnó
 Dualgais shóisialta a bhaineann le gnó
- (Aonad 7) **Timpeallacht Idirnáisiúnta**
 Buneolas faoin dtimpeallacht thrádála idirnáisiúnta
 Aontas Eorpach
 Gnó idirnáisiúnta

Cuspóir:

Chun a chur ar chumas mac léinn an caidreamh idir na príomhpháirtithe i ngnó agus a nádúr dinimiciúil a thuiscent

1.1 Daoine agus a gcaidreamh i ngnó

Tomhaltóirí, fiontrairthe agus infheisteoirí
Táirgeoirí, soláthraithe agus seirbhísí
Fostóir, fostáí agus caidreamh le ceardchumainn
Grúpaí Sainleasa

Caidreamh comhoibritheach agus iomaíoch

Gnéisithe de dhlí na gconarthaí

1.2 Spéiseanna contrártha agus conas a réitítear iad

Limistéir chontrártha i ngnó a aithint

Ag déileáil le modhanna chun easaontais i gcaidreamh a réiteach
(neamhreachtach agus reachtach araon)

Reachtaíocht a bhaineann le tomhaltóirí agus le caidreamh tionsclaíoch

1.3 Torthaí

Ag an deireadh ba chóir don mhac léinn a bheith in ann:

- 1.3.1 na príomhpháirtithe agus na daoine a bhfuil lámh acu i ngnó a liostáil;
- 1.3.2 déan cur síos ar an gcaidreamh idir daoine mar oibrithe, mar bhaill de cheardchumainn, mar bhainisteoirí, mar fhiontraithe, mar infheisteoirí agus mar chustaiméirí;
- 1.3.3 léiriú a thabhairt faoi mhodhanna neamhreachtacha chun easaontas a réiteach;
- 1.3.4 léiriú a thabhairt faoin gcaoi inar féidir le mórfhíosa reachtaíochta agus leis na gnéithe de dhlí na gconarthaí cabhrú le heasaontas a réiteach;
- 1.3.5 anailís a dhéanamh ar an gcaidreamh idir daoine i ngnó (**AL**);
- 1.3.6 an tionchar a bhíonn ag reachtaíocht ar an gcaidreamh gnó seo a léiriú (**AL**);
- 1.3.7 déan cur síos ar easaontas gnó a d'fhéadfadh tarlú agus léirigh conas a d'fhéadfaí feidhm a bhaint as an dlí chun é a réiteach (**AL**).

Cuspóir:

Chun a chur ar chumas mac léinn an tábhacht a bhaineann le fiontraíocht i ngnó agus i measc an phobail a thuisceint.

2.1 Bunéolas faoi agus sainmhíniú ar fhiontraíocht

Sainmhíniú leathan ar fhiontraíocht, ag déanamh deimhin dá hábharthacht i gcás réimse leathan de ghníomhaíochtaí san saol pearsanta, gnó agus poiblí maille le tosú gnó.

2.2 Fiontraithe agus scileanna fiontraíochta

Saintréithe a bhíonn ag fiontraithe

Scileanna fiontraíochta-ó dhúchas agus foghlamtha

Feidhmiú scileanna fiontraíochta i suímh dhifriúla

2.3 Torthaí

Ag an deireadh ba chóir don mhac léinn a bheith in ann:

- 2.3.1 fiontraíocht a shainmhíniú;
- 2.3.2 tábhacht scileanna fiontraíochta a aithint i limistéir mar an baile, an scoil, an pobal áitiúil, ranna Rialtais agus bunú gnó;
- 2.3.3 na scileanna fiontraíochta bunúsacha a mhíniú;
- 2.3.4 saintréithe daoine fiontracha a aithint;
- 2.3.5 anailís a dhéanamh ar thábhacht fiontraíochta i ngnó agus sa phobal (AL);
- 2.3.6 scileanna, deiseanna, priacail agus luachannna saothair a bhaineann le fiontraíocht a aithint ó shonraí ar leith (AL).

Cuspóir:

Chun a chur ar chumas mac léinn an tábhacht a bhaineann le bainistíocht i ngnó agus sa phobal a thuiscint.

3.1 Buneolas faoi agus sainmhíniú ar bhainistíocht

Sainmhíniú leathan ar bhainistíochta, ag déanamh deimhlin dá hábharthacht i gcás réimse leathan gníomhaíochtaí san saol pearsanta, gnó agus poiblí. Féacann an Roinn seo ar bhainistíocht mar áis chun torthaí a bhaint amach trí dhaoine.

3.2 Bainisteoirí agus scileanna bainistíochta

Saintréithe a bhíonn ag bainisteoirí

Difríocht idir fiontraíocht agus bainistíocht

Scileanna bainistíochta:

- Ceannaireacht - treorú, tarmligeán
- Inspreagadh - teoiricí clasaiceacha inspreagtha
- Cumarsáid - tábhacht na cumarsáide san mbainistíocht; scileanna agus modhanna cumarsáide agus a bhfeidhmiú

3.3 Gníomhaíochtaí Bainistíochta

Gníomhaíochtaí Bainistíochta

- Pleánaíl - teoiric, prionsabail agus cineálacha
- Eagrú - struchtúr eagraithe: foirmiúil agus neamhfhoirmiúil; foirniú, réise rialúcháin, agus foirne tionscadail
- Rialú - teoiric, prionsabail agus cineálacha

3.4 Torthaí

Ag an deireadh ba chóir don mhac léinn a bheith in ann:

- 3.4.1 bainistíocht a shainmhíniú;
- 3.4.2 tábhacht bainistíochta a aithint i limistéir mar an baile, an scoil, an pobal áitiúil, ranna Rialtais agus tosú gnó;
- 3.4.3 saintréithe bainisteoirí a liostáil;
- 3.4.4 scileanna bunúsacha bainistíochta a mhíniú;
- 3.4.5 an ról lárnach atá ag cumarsáid i ngnó agus i mbainistíocht a mhíniú;
- 3.4.6 na príomhbhacaínní a chuireann isteach ar chumarsáid éifeachtach a aithint agus a mhíniú;
- 3.4.7 sonraí gnó a léiriú sna leaganacha scríofa seo a leanas: meamraim, tuarascála, agus litreacha gnó; léiriú radharcach a dhréachtadh ó shonraí ar leith;
- 3.4.8 dualgais cathaoirligh agus rúnaí a shaináithint agus clár is miontuairisci cruinnithe a dhréachtadh;
- 3.4.9 idirdhealú a dhéanamh idir modhanna cumarsáide;
- 3.4.10 an tábhacht a bhaineann le scileanna cumarsáide ginearálta a phlé (**AL**);
- 3.4.11 idirdhealú a dhéanamh idir fiontraíocht agus bainistíocht (**AL**);
- 3.4.12 ionchur bainisteoirí agus fiontraiithe araon do ghnó a mhíniú (**AL**);
- 3.4.13 an cineál gníomhaíochtaí bainistíochta agus a naisc a phlé (**AL**).

Cuspóir:

Chun a chur ar chumas mac léinn bainistíochta a thuiscint de réir mar a bhaineann sí leis an dteaghlaach agus leis an ngnó.

4.1 Bainisteoir teaghlaigh agus gnó

Comparáid a dhéanamh idir na róil atá acu i gcomhthéacs gnéithe áirithe d'airgeadas, d'árachas agus de chánachas.

- Is iad na gnéithe airgeadais atá i gceist ná: sreabhadh airgid bunúsach, príomhfhoinsí airgeadais, costas airgeadais, cuntas reatha agus iarratas a dhéanamh ar iasacht
- Is iad na gnéithe árachais atá i gceist ná: prionsabail, priacail agus costais, riachtanais agus cinéalachá árachais
- Is iad na gnéithe cánachais ata i gceist ná: na príomhchinéalachá a bhreaclíniú, cuntas bhunúsacha cánach agus príomhfhoirmeacha cánach.

4.2 Bainistíocht acmhainní daonna

Na haidhhmeanna atá ag bainistíocht acmhainní daonna:

- earcú agus roghnú
- caidreamh idir fostóirí agus fostaithe.

Comhar

- forás daoine, measúnacht fheidhmiúcháin agus luach saothair.

4.3 Forbairt ar an ról bainistíochta

Caidreamh nua a stiúradh:

- cumhacht a thabhairt d'oibrithe agus bainistíocht cháilíochta iomlán

Teicneolaíochtaí nua a stiúradh:

- an tionchar atá ag teicneolaíocht ar phearsanra, ar chostais ghnó agus ar dheiseanna gnó.

4.4 Monatóireacht a dhéanamh ar an gnó

Sonraí cuntasaíochta agus gnó a úsáid, a thuiscint agus a léirmhíniú. Cuntas deiridh bhunúsacha agus cláracha comhardaithe bunúsacha. Príomhchóimheasa brabúsachta agus leachtachta. Cóimheas fiachais / cothromais.

4.5 Torthaí

Ag an deireadh ba chóir don mhac léinn a bheith in ann:

- 4.5.1 na difríochtaí idir teaghlach a stiúradh agus gnó a stiúradh a bhreaclíniú;
- 4.5.2 tábhacht impleachtaí airgeadais, árachais agus cánach i gcúrsaí gnó a mhíniú;
- 4.5.3 gníomhaíochtaí a aithint atá comónta do ghnó agus do theaghlaich a stiúradh, comhlánú foirmeacha cuí san áireamh;
- 4.5.4 na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na gníomhaíochtaí seo i gcomhthéacs teaghlaigh agus i gcomhthéacs gnó a thuiscint;
- 4.5.5 na príomhchóimheasa brabúsachta agus leachtachta a ríomh agus a léirmhíniú maille le fiachas / cothromas;
- 4.5.6 na príomhfheidhmeanna atá ag bainistíocht acmhainní daonna a mhíniú;
- 4.5.7 ról athraitheach an bhainisteora ó rialtóir go dtí éascaithóir a mhíniú;
- 4.5.8 tábhacht rannpháirteachais fostaithe a thuiscint;
- 4.5.9 conas mar a athraíonn teicneolaíocht ról na bainistíochta a thuiscint;
- 4.5.10 an caidreamh idir fostóirí agus fostaithe agus ról na gceardchumann a thuiscint;
- 4.5.11 an ról lárnach atá ag acmhainn dhaonna san mbainistíocht a thuiscint (**AL**);
- 4.5.12 na straitéisí a bhaineann le bainistíocht athraithe a aithint (**AL**);
- 4.5.13 an tábhacht a bhaineann le bainistíocht ionlán cháilíochta a phlé (**AL**);
- 4.5.14 an tábhacht a bhaineann le sonraí cuntasaíochta agus gnó chun monatóireacht a dhéanamh ar fhiontar gnó a thuiscint (**AL**).

Cuspóir:

Chun a chur ar chumas mac léinn na céimeanna atá i gceist i mbunú fiontraíochta gnó a thuiscint.

5.1 Deiseanna a aithint

Foinsí Deiseanna:

- inmheánach agus seachtrach

Próiseas forbartha tárgí nua agus seirbhísé

5.2 Margaíocht

Coincheap na margáiochta (Díriú ar thomholtóirí)

Straitéis na margáiochta

An cumasc margáiochta a fhorbairt-táirge, praghas, tionscnamh agus áit

5.3 Ag Tosú

Roghanna airgeadais, úinéireachta agus táirgeachta

Plean gnó a fhorbairt

5.4 Fairsingiú

Cúiseanna agus airgeadas le haghaidh fairsingthe

Impleachtaí agus modhanna fairsingthe

5.5 Torthaí

Ag an deireadh ba chóir don mhac léinn a bheith in ann:

5.5.1 an tábhacht a bhaineann le taighde a dhéanamh ar smaointe gnó a mhíniú;

- 5.5.2 teicnicí a shainaithint chun smaointe gnó a fhorbairt agus taighde a dhéanamh fúthu;
- 5.5.3 na príomhfhoinsí atá ag smaointe faoi tháirgí nua a chur i gcodarsnacht;
- 5.5.4 na gnéithe atá i gceist i dtosú gnó nua a shainaithint agus a mhíniú;
- 5.5.5 na céimeanna atá i gceist i mbunú gnó nua a mhíniú;
- 5.5.6 na príomhghhnéithe i straitéis margáiochta a shainaithint;
- 5.5.7 na gnéithe a bhaineann le cumasc margáiochta a mhíniú;
- 5.5.8 na príomhfhoinsí airgeadais atá ar fáil le haghaidh tosú gnó a liostáil;
- 5.5.9 na gnéithe de phróisis táirgiúla a aithint;
- 5.5.10 an ról lárnach atá ag an bplean gnó a léiriú;
- 5.5.11 na cúiseanna atá le fairsingiú agus le modhanna fairsingthe a shainaithint;
- 5.5.12 trí phríomhfhoinse airgeadais le haghaidh fairsingthe a shainaithint;
- 5.5.13 anailís a dhéanamh ar thábhacht fairsingthe gnó sna margáí baile agus eachtrannacha (**AL**);
- 5.5.14 comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir cothromas agus caipiteal ó iasacht mar fhoinsí airgeadais le haghaidh fairsingthe (**AL**);
- 5.5.15 na gnéithe den gcumasc margáiochta a mheas (**AL**);
- 5.5.16 na príomhfhoinsí airgeadais atá ar fáil le haghaidh tosú gnó a fheidhmiú (**AL**);

Cuspóir:

Chun a chur ar chumas mac léinn an t-idirghníomhú idir gnólachtaí, an pobal áitiúil, an Rialtas agus an geilleagar a thuisint.

6.1 Earnálacha tionscail

Talmhaíocht, déantúsaíocht, seirbhísí agus acmhainní nádúrtha

Treochtaí athraitheacha i ngnó

6.2 Cineálacha d'Eagrú Gnó

Rogha a dhéanamh idir malartaigh:

- Trádálaí aonair, compháirtíocht, comhaontais, saincheadú, comhlachtaí teoranta príobháideacha, cuideachtaí trasnáisiúnta, comhlachtaí teoranta poiblí, comharchumainn, fiontair stáit agus gnólachtaí dúchasacha

Treochtaí athraitheacha in úinéireacht agus i struchtúr.

6.3 Forbairt phobail

An pobal áitiúil agus gnó

Forbairt phobail, ar a bhfuil tionscnaimh ón phobal áitiúil.

6.4 Gnó agus an geilleagar

Tionchar an gheilleagair ar ghnó, ag cur san áireamh staid ghinearálta an gheilleagair, boilsciú, rátaí úis, cáin agus deontais

Tionchar gnó ar an ngeilleagar ag an leibhéal áitiúil is náisiúnta, ag cur san áireamh fostaíocht, ioncaim ó cháin agus saincheisteanna timpeallachta

An t-idirghníomhú idir gnó agus an geilleagar i gcoitinne.

6.5 An Rialtas agus gnó

Bunchuntas faoi ról an Rialtais maidir le gnó a ghríosú agus a rialú

Ról an Rialtais mar fhostóir

6.6 Dualgais shóisialta i leith gnó

Cleachtas gnó eiticiúil

Gnó a bhfuil freagracht shóisialta ag baint leis ag an leibhéal logánta agus ag an leibhéal

náisiúnta

6.7 Torthaí

Ag an deireadh ba chóir don mhac léinn a bheith in ann:

- 6.7.1 na hearnálacha tionscal a aithint agus a léiriú i dteannta leis an gcabhair atá tugtha acu don gheilleagar intíre;
- 6.7.2 na cineálacha d'eagrú gnó a aithint;
- 6.7.3 na cineálacha éagsúla d'eagrú gnó a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht;
- 6.7.4 an fáth a n-athraíonn gnóthaí a struchtúir eagraithe leis an uain a mhíniú;
- 6.7.5 an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh phobail i bhforbairt an gheilleagair logánta a aithint;
- 6.7.6 tionchar an gheilleagair ar ghnó a mhíniú;
- 6.7.7 tionchar gnó ar fhorbairt an gheilleagair a mhíniú;
- 6.7.8 saincheisteanna imshaoil atá tábhachtach i ngnó a shainaithint;
- 6.7.9 na slite ina gcruthaíonn an Rialtas timpeallacht oiriúnach do ghnó a liostáil;
- 6.7.10 na slite ina dtéann an Rialtais i bhfeidhm ar an lucht oibre a mhíniú;
- 6.7.11 cleachtas gnó eiticiúil a shainmhíniú;
- 6.7.12 cur síos a dhéanamh ar na tréithe a bhaineann le cuideachta atá comhfiosach faoin dtimpeallacht (AL);
- 6.7.13 miondealú a dhéanamh ar thionchar saincheisteanna comhshaoil ar ghnó (AL);
- 6.7.14 freagrachtaí sóisialta gnó a phlé (AL);
- 6.7.15 na tionchair ar chostais ghnólachta a bhaineann lena fhreastal ar fhreagrachtaí eiticiúla, sóisialta agus comhshaoil a ríomh (AL).

Cuspóir:

Chun a chur ar chumas mac léinn na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le gnó Éireannach san timpeallacht idirnáisiúnta a thuiscint.

7.1 Bunchuntas faoin timpeallacht thrádála idirnáisiúnta

An tábhacht a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta maidir leis an ngeilleagar Éireannach

An cruth athraitheach a bhaineann leis an ngeilleagar idirnáisiúnta agus a thionchar ar ghnó Éireannach

Deiseanna agus dúshláin do ghnó Éireannach i dtrádáil idirnáisiúnta

Bloic thrádála agus comhaontuithe trádála

7.2 Aontas Eorpach

An tábhacht a bhaineann leis an Aontas Eorpach

An cuspóir atá ag príomh dhúnghaoisí agus ag príomh threoracha an Aontais Eorpaigh maidir lena dtionchar ar ghnó Éireannach

Breaclíniú den phróiseas cinnidh sna príomhinstitiúidí den Aontas Eorpach

Ról na ngrúpaí sainleasa sa phróiseas seo.

7.3 Gnó Idirnáisiúnta

Margaíocht dhomhanda táirgí agus seirbhísí

Forbairt agus tionchar comhlachtaí trasnáisiúnta

7.4 Torthaí

Ag an deireadh ba chóir don mhac léinn a bheith in ann:

- 7.4.1 tionchair an mhargaidh aonair ar ghnó Éireannach a shainaithint;
- 7.4.2 na cúiseanna a bhaineann le forbairt cuideachtaí trasnáisiúnta a bhreaclíniú;
- 7.4.3 an pháirt a ghlacann teicneolaíocht an eolais i dtrádáil idirnáisiúnta a mhíniú;
- 7.4.4 na deiseanna agus na dúshláin atá le sárú ag gnó Éireannach i margai atá forbartha agus i margai atá i mbéal forbartha a phlé;
- 7.4.5 an ról atá ag margáiocht dhomhanda i ngnó idirnáisiúnta a mhíniú;
- 7.4.6 an cuspóir atá ag na príomhdhúnghaoisí agus ag na príomhthrecracha i leith an Aontais Eorpaigh a mhíniú (**AL**).

6. Is í an aidhm atá leis an Ardteistiméireacht bunaithe ná:

- chun a chur ar chumas mac léinn a gcuid acmhainní ionlána a shroichint i dtéarmaí forbairte pearsanta, sóisialta, intleachtúla agus gairmiúla
- mic léinn a ullmhú le haghaidh a ról mar shaoránaigh ghnóthacha agus rannpháirtíochta
- mic léinn a ullmhú le dul isteach san oideachas breise, san oiliúint nó san bhfostaíocht

Cuireann sé oideachas cóir, leathan ar fáil do mhic léinn agus san am céanna tugann sí an chaoi dóibh saineolaíocht éigin a leanúint. Cuirtear siollabais ar raon leathan ábhar ar fáil. Is féidir glacadh le Gnáthleibhéil nó le hArdleibhéil i ngach ábhar Ardteistiméireachta agus ina theannta san tugtar rogha Bonnleibhéil sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge.

Is féidir an toradh a fhaigheann mac léinn san Ardteistiméireacht a úsáid mar áis tofa i gcás oideachais breise, i gcás fostáiochta, i gcás oiliúna nó oideachais níos airde.

7. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár scoite dhá bhliain é an cursa seo. Cumadh é le haghaidh na mac léinn sin nach bhfuil ar intinn acu dul ar aghaidh ar an dtoirt chuig an tríú leibhéil nó dóibh siúd nach n-oireann na cláracha Ardteistiméireachta eile dóibh sa mhéid a bhaineann lena riachtanais, lena ndréimeanna agus lena mianaigh.

Déantar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a thógáil thart timpeall trí phríomhghná atá comhghaolmhar agus comhbheann ar a chéile:-

- Gairmullmhúchán
- Gairmoideachas
- Oideachas Ginearálta

Baineann saintréithe an ábhair le taithí oideachasúil bunaithe ar ghné ghníomhach, ar ghné phraiticiúil agus ar ghné atá dírithe ar an mac léinn.

8. An Clár Gairmeach san Ardteistiméireacht

Is í an fheidhm atá leis an gclár seo ná

- spiorad na fiontraíochta agus an tionscnaimh a chothú sna mic léinn
- scileanna idirpearsanta, gairmiúla agus teicneolaíocha na mac léinn a fhorbairt.

Na mic léinn atá ag gabháil don gclár seo, déanann siad staidéar ar chúig ábhar Ardteistiméireachta ar a laghad (ag an Ardleibhéil, ag an Gnáthleibhéil nó ag an mBonnleibhéil) agus orthu siúd tá Gaeilge agus dhá ábhar as grúpaí ar leith d'ábhair